C/2026/4222

31.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1885 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1883 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

(C/2026/4222)

Dírítear aird na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/1885 ón gComhairle ([2]) agus in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1883 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine sin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012. Tugtar na forais leis na daoine sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine agus do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 26 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle **roimh an 29 Eanáir 2027,** ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
Belgique/België
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine, na grúpaí, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 195, 27.7.2010, lch. 39.
([2]) IO L, 2026/1885, 30.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1885/oj.
([3]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.
([4]) IO L, 2026/1883, 30.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1883/oj.